Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14345/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0244(NLE)**

**ACP 108**
**COAFR 352**
**COLAC 117**
**COASI 151**
**RELEX 1250**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 444 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Airí OACPS-AE maidir le treoirlínte comhpháirteacha a ghlacadh chun idirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh faoi Airteagal 3 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 444 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2024) 444 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2024
COM(2024) 444 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Airí OACPS-AE maidir le treoirlínte comhpháirteacha a ghlacadh chun idirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh faoi Airteagal 3 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

## IARSCRÍBHINN

**CINNEADH Uimh. XX/XXXX**

**CHOMHAIRLE AIRÍ OACPS-AE**

**lena nglactar Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le hIdirphlé Comhpháirtíochta a dhéanamh faoi Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó**

TÁ COMHAIRLE AIRÍ OACPS-AE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí OACPS, den pháirt eile ('Comhaontú Shamó'), agus go háirithe Airteagal 3 agus Airteagal 88(4) (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Comhaontú Shamó á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann.

(2) De bhun Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó, déanfaidh na Páirtithe idirphlé rialta, cothrom, uileghabhálach agus substainteach comhpháirtíochta maidir le réimsí uile an Chomhaontaithe, as a dtiocfaidh gealltanais agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí ar an dá thaobh, chun é a chur chun feidhme go héifeachtach.

(3) De bhun Airteagal 88(4) (c) den Chomhaontú, féadfaidh Comhairle Airí OACPS-AE treoirlínte beartais a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha a bhfuil gá leo chun forálacha an Chomhaontaithe a chur chun feidhme,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal Aonair*

Glactar leis seo na Treoirlínte Comhpháirteacha chun Idirphlé Comhpháirtíochta a dhéanamh faoi Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in XXXXXX,

*Thar ceann Chomhairle Airí OACPS-AE*

*Na Cathaoirligh*

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**CINNEADH Uimh. XX/XXXX**

**CHOMHAIRLE AIRÍ OACPS-AE**

**Treoirlínte OACPS-AE maidir le hIdirphlé Comhpháirtíochta faoi Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó**

## I. RÉAMHRÁ

1. An Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta, síníodh é i Samó an 15 Samhain 2023, agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann. Le hAirteagal 3(1) den Chomhaontú iarrtar ar na Páirtithe idirphlé rialta, cothrom, uileghabhálach agus substainteach comhpháirtíochta a dhéanamh maidir le réimsí uile an Chomhaontaithe, as a dtiocfaidh gealltanais agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí ar an dá thaobh, chun é a chur chun feidhme go héifeachtach.

2. Mar a fhoráiltear in Airteagal 1(4) den Chomhaontú, tá an t-idirphlé comhpháirtíochta ar na príomhuirlisí chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach, chomh maith le gníomhaíocht arna cur in oiriúint do shainiúlachtaí na bPáirtithe.

3. Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(2) den Chomhaontú, tá sé de chuspóir ag an idirphlé comhpháirtíochta faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal idirnáisiúnta, agus oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le saincheisteanna leasa choitinn agus maidir le dúshláin nua i suíomhanna idirnáisiúnta.

4. Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(3), seolfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar bhealach solúbtha saincheaptha, agus déanfar é go tráthrialta san fhormáid iomchuí agus ar an leibhéal intíre, réigiúnach nó iltíre is iomchuí*,* agus lántairbhe á baint as na cainéil uile is féidir, lena n-áirítear suíomhanna réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

5. Féadfar an t-idirphlé comhpháirtíochta a úsáid freisin chun saincheisteanna sonracha a phlé a leagtar amach in Airteagail 9(3) (pionós an bháis), 12(4) agus 12(6) (sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, mar aon le cúrsaí cánach), 18(3) (neamhleathadh arm ollscriosta), 62 (imirce agus soghluaisteacht) agus 74(5) (filleadh agus athligean isteach).

6. Mar a fhoráiltear sa Chomhaontú (Airteagal 101(4)), úsáidfear an t-idirphlé comhpháirtíochta freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhibhéirseachtaí idir na Páirtithe, d'fhonn teacht roimh staideanna ina measfadh Páirtí amháin gur ghá dul ar iontaoibh na gcomhairliúchán dá bhforáiltear in Airteagal 101(5-6).

## II. CUSPÓIR

7. Is é is aidhm do na treoirlínte seo treoraíocht oibríochtúil chomhpháirteach a sholáthar le haghaidh chur chun feidhme na bhforálacha i gComhaontú Shamó a bhaineann leis an idirphlé comhpháirtíochta, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón idirphlé polaitiúil faoi Airteagal 8 de Chomhaontú Cotonou á gcur san áireamh freisin.

8. Ní mór na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm ar bhealach solúbtha, chun a áirithiú go mbeidh cur chuige saincheaptha ann i leith fhormáid agus chuspóirí an idirphlé.

## III. CUR CHUN FEIDHME AN IDIRPHLÉ COMHPHÁIRTÍOCHTA

### A. Cláir oibre

9. Cumhdófar leis an idirphlé comhpháirtíochta gach réimse den Chomhaontú, rud a rannchuideoidh leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 de a bhaint amach.

10. Na cláir oibre le haghaidh na gcruinnithe idirphlé comhpháirtíochta, déanfar iad a shainiú go comhpháirteach agus cuimseofar leo, ar bhealach cothrom, saincheisteanna leasa choitinn agus/nó ábhair imní choiteanna, ar saincheisteanna náisiúnta, réigiúnacha, ilchríochacha, ilnáisiúnta agus domhanda iad, agus ar an gcaoi sin neartófar na sineirgí idir gnéithe náisiúnta, réigiúnacha agus ilnáisiúnta Chomhaontú OACPS-AE.

11. Leis na seisiúin idirphlé comhpháirtíochta, beifear in ann idirphlé comhpháirtíochta rialta, cothrom, uileghabhálach agus substainteach a dhéanamh maidir le réimsí uile an Chomhaontaithe, as a dtiocfaidh gealltanais agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí ar an dá thaobh, chun é a chur chun feidhme go héifeachtach.

### B. Ullmhúchán

12. Réiteofar na seisiúin idirphlé comhpháirtíochta go comhpháirteach roimh ré nuair is féidir.

13. Roinnfear faisnéis chúlra roimh ré, i gcás ina bhfuil sin ar fáil, chun rannchuidiú le malartuithe agus torthaí níos substaintiúla.

### C. Formáid

14. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta idir an Páirtí AE agus an contrapháirtí/na contrapháirtithe OACPS ábhartha ar an leibhéal intíre, réigiúnach nó iltíre is iomchuí, agus lántairbhe á baint as na cainéil uile is féidir, lena n-áirítear iad sin i suíomhanna réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Leis an idirphlé comhpháirtíochta cuirfear san áireamh freisin prionsabail na comhlántachta agus na coimhdeachta.

15. Féadfaidh an t-idirphlé comhpháirtíochta a bheith i bhfoirm idirphlé théamaigh thiomnaithe maidir le saincheisteanna sonracha, nuair is iomchuí.

### An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta

16. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta go tráthrialta agus aon uair amháin sa bhliain, i bprionsabal, chun faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal náisiúnta.

17. Féadfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta a dhéanamh go háitiúil nó i suíomhanna eile (amhail sa Bhruiséil nó le linn d’imeachtaí idirnáisiúnta nó comhpháirteacha a bheith ar siúl).

18. Leis an idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta, féadfar aghaidh a thabhairt freisin ar shaincheisteanna réigiúnacha agus domhanda, ar saincheisteanna leasa choitinn iad.

19. Féachfar le sineirgí agus comhlántachtaí a aimsiú trí idirphlé beartais ar ábhair shonracha (amhail tacaíocht bhuiséadach, Cearta Daonna), rud a sheachnóidh dúbláil oibre.

20. I gcás inar gá soiléiriú a thabhairt ar aon saincheist a bhaineann leis an gComhaontú, nó i gcás dibhéirseachtaí idir na Páirtithe, déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta níos minice, d'fhonn teacht roimh staideanna ina measfadh Páirtí amháin gur ghá dul ar iontaoibh na gcomhairliúchán dá bhforáiltear in Airteagal 101(5) agus (6).

**An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal réigiúnach**

21. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar leibhéal an phrótacail réigiúnaigh go tráthrialta, chun faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal réigiúnach. Leis an idirphlé ar leibhéal an phrótacail réigiúnaigh, ba cheart comhar réigiúnach i réimsí leasa choitinn a spreagadh leis na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhaineann leis an Aontas agus leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

22. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar leibhéal an phrótacail réigiúnaigh, féadfar é a dhéanamh fad atá imeachtaí réigiúnacha ar siúl nó i suíomhanna eile (amhail sa Bhruiséil nó le linn d'imeachtaí idirnáisiúnta nó comhpháirteacha a bheith ar siúl).

23. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal réigiúnach, rannchuideoidh sé freisin le Comhairlí Aireachta Réigiúnacha agus le hidirphlé ar an leibhéal ilnáisiúnta a ullmhú.

**An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal ilnáisiúnta**

24. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal ilnáisiúnta, déanfar é go tráthrialta san fhormáid iomchuí, chun faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus chun go n-oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le saincheisteanna leasa choitinn agus maidir le dúshláin nua i suíomhanna idirnáisiúnta.

25. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal ilnáisiúnta, féadfar é a dhéanamh fad atá cruinnithe idirnáisiúnta ar siúl nó i suíomhanna eile (amhail sa Bhruiséil nó le linn d'imeachtaí comhpháirteacha a bheith ar siúl).

26. Féadfaidh idirphlé comhpháirtíochta a bheith ann go tráthrialta freisin idir ionadaíochtaí taidhleoireachta na bPáirtithe chuig eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, chun faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus chun go rachadh na Páirtithe i mbun comhair agus comhordú maidir le saincheisteanna leasa choitinn agus maidir le dúshláin nua i suíomhanna idirnáisiúnta.

**D. Rannpháirtíocht**

27. Déanfar ionadaíocht do na Páirtithe sna seisiúin idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal polaitiúil nó ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach, de réir mar is iomchuí, ag brath ar an inneachar agus ar na torthaí a bhfuil coinne leo.

28. Féadfaidh Aireachtaí agus seirbhísí éagsúla baint a bheith acu leis an idirphlé comhpháirtíochta, ag brath ar na saincheisteanna a mbeidh aghaidh le tabhairt orthu.

29. Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(4) den Chomhaontú, cuirfear parlaimintí, agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí, ar an eolas go cuí, rachfar i gcomhairle leo go cuí, agus cuirfear ar a gcumas dóibh go cuí cur leis an idirphlé comhpháirtíochta. Beidh baint ag eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha leis an idirphlé comhpháirtíochta, de réir mar is iomchuí.

**E. Obair leantach**

30. Comhaontófar le linn an idirphlé gealltanais fhéideartha agus gníomhaíochtaí leantacha, i gcás inarb iomchuí.

31. Na gníomhaíochtaí leantacha a chomhaontófar, tabharfar aghaidh orthu i seisiúin idirphlé comhpháirtíochta ina dhiaidh sin.

32. Gníomhaíochtaí leantacha sonracha (amhail meithleacha), féadfar iad a bhunú chun an t-idirphlé/an ghníomhaíocht a chur chun tosaigh i réimsí nithiúla.

33. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta a chomhlánú trí bhíthin teagmháil rialta idir na Páirtithe, chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

**IV. ATHBHREITHNIÚ**

34. Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(3) den Chomhaontú, comhaontaíonn na Páirtithe faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an idirphlé comhpháirtíochta agus a raon feidhme a oiriúnú, de réir mar is iomchuí.

35. Féadfar na treoirlínte seo a chur in oiriúint de réir mar is iomchuí i bhfianaise an mheasúnaithe chomhpháirtigh sin.